Lá Fhéile Pádraig

Ní dhéanfaidh mé dearmad go deo ar an méid a tharla ar Lá Fhéile Pádraig. Ní raibh mé ach seacht mbliana d'aois nuair a tharla sé. Dhúisigh mé ó mo chodladh ar a seacht a chlog agus bhí mé tuirseach traochta.

Chuaigh mé go dtí an paráid le mo chlann i mBaile Átha Cliath agus bhí mé ar bís. Bhí an-chraic agam sa charr le mo dheartháir agus mo dheirfiúr ag imirt cluichí, ag féachaint ar an bhfón póca agus ag éisteacht le ceol. Gan bréag a insint, chuaigh mé i mo chodladh ar feadh leath an turais.

Shroicheamar Baile Átha Cliath go luath agus mar sin d'itheamar ár lón san "Acomhal Ceithre Déag". Is cuimhin liom go maith é ag ithe roll mhór agus ansin chuaigh mé sa chlós súgartha le mo dheirfiúr. Chun an fhírinne a rá, chaitheamar dhá uair sa Acomhal Ceithre Déag. Nuair a chríochníomar ag ithe, ag súgradh agus sa leithreas phreabamar sa charr agus thiomáin mo dhaid as an Acomhal go tapa.

Ar ár mbealach isteach sa chathair, chonaic mé daoine eile le bratacha na hÉireann ag crochadh as na fuinneoga agus bandaí cinn na hÉireann timpeall a gcinn. Bhí go leor tráchta ann ar an mótarbhealach. Stop mo dhaid an charr ar leathuair tar éis a dó dhéag.

Bhí an tsiúlóid an-fhada agus tuirsiúil. Ní fhaca mé mórán de Baile Átha Cliath mar bhí níos mó ná míle daoine ag líneáil na sráideanna. Shiúil mé go tapa ag fanacht gar do mo dhaid. Bhí eagla orm mar ní raibh mé timpeall níos mó ná míle daoine riamh. Stop mo dhaid go tobann mar bhí mo dheirfiúr ró-fháda taobh thiar dínn. Bhí a lán freagrachta air gach duine de mo chlann a choinneáil le chéile.

Ar ámharaí an tsaoil, bhí an aimsir go hálainn. Ní raibh sé ag cur baistí, ní raibh aon scamall sa spéir agus go háirithe bhí sé geal agus mar sin bhíomar in ann a chéile a fheiceáil. Stop mo dhaid ag stáisiún peitril in aice le droichead agus deir sé: "Má chaillteár éinne, téigh anseo."

Sheasamar ag an bóthar chun an paráid a fheiceáil. Theastaigh uaim a bheith níos gaire mar bhí mé ró-ghearr. Bhí an paráid ar fheabhas. Chonaic mé rinceoirí, clubanna, bannaí agus feithiclí. Ag cuid amháin den paráid, thug draoi líreacáin dom agus bhí áthas an domhain orm. Ní raibh an aoibh gháire sin ann le fada.

Chas mé timpeall chun ceist a chur ar mo dhaid ach ní raibh sé le feiceáil áit ar bith. Bhí mé i m' aonar. Ní raibh mé in ann bogadh mar bhí eagla an domhain orm. Cuimhnigh mé an stáisiún peitril agus thosaigh mé ag rith ann. Níorbh fhada go bhfaca mé mo dheirfiúr os mo comhair. Bhí mo dhearthaireacha ar mo lorg ach bhí a fhios ag mo thuismitheoirí cá mbeinn. Bhí mé chomh sásta gach duine a fheiceáil.

Chas mé i mo chodladh go gasta agus go sona sásta an oíche sin.